***COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE***

***GALWAY COUNTY COUNCIL***

# FODHLÍTHE CHONTAE NA GAILLIMHE UM THRÁCHT AR BHÓITHRE (LUASTEORAINNEACHA SPEISIALTA) UIMH. 1 - 2021

## 1. Réamhrá

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar di le hAlt 9 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2004 (Uimh. 44 de 2004) agus le toiliú Bhonneagar Iompair Éireann (TII) i ndáil le Bóithre Náisiúnta, agus tar éis fhógra a thabhairt do Choimisinéir an Gharda Síochána agus tar éis an próiseas comhairliúcháin reachtúil poiblí a chur i gcrích, deanann Comhairle Chontae na Gaillimhe na fodhlíthe seo a leanas maidir le limistéar riaracháin Chontae na Gaillimhe.

a. Fodhlíthe Chontae na Gaillimhe um Thrácht ar Bhóithre (Luasteorainneacha Speisialta) Uimh. 1 – 2021 is teideal do na Fodhlíthe seo.

b. Is fodhlíthe forlíontacha iad na fodhlíthe seo a mhéid a bhaineann le Fodhlíthe Chontae na Gaillimhe um Thrácht ar Bhóithre (Luasteorainneacha Speisialta) 2018 agus is ceart iad a léamh i dteannta na bhfodhlíthe sin. Déantar foráil leo maidir le leasuithe agus breisithe i leith Fhodhlíthe Chontae na Gaillimhe um Thrácht ar Bhóithre (Luasteorainneacha Speisialta) 2018.

c. Tá na léarscáileanna atá i gceangal leis na fodhlíthe seo curtha ar fáil ar mhaithe le léiriú amháin, agus i gcás easaontas a bheith ann idir na léarscáileanna sin agus téacs an sceidil a ghabhann leis seo, beidh tosaíocht ag téacs an sceidil.

d. Tiocfaidh na fodhlíthe seo i ngníomh ar an xxxxxx.

**2) Imleabhar 1 CB Bhaile Átha an Rí - leasuithe**

**AN CÚIGIÚ SCEIDEAL**

Bóithre a bhfuil luasteorainn speisialta seasca ciliméadar san uair (**60km/u**) forordaithe ina leith. Gabhann réimír 60 le huimhreacha sa liosta rud a léiríonn luasteorainn 60 km/u.

**A/ 60/10. Na bóithre seo a leanas in Órán Mór**

(e) Bóthar Órán Mór - Bhéal Átha na Sluaighe, R466, óna acomhal le timpeallán Órán Beag, soir go dtí 240 méadar soir ó thúr uisce Órán Beag

**AN SEACHTÚ SCEIDEAL**

Bóithre a bhfuil luasteorainn speisialta céad ciliméadar san uair (**100km/u**) forordaithe ina leith. Gabhann réimír 100 le huimhreacha sa liosta rud a léiríonn luasteorainn 100 km/u.

**A/100/2. Na bóithre seo a leanas ar an R446 ó Fhuarchoill go dtí Órán Beag: -**

(a) Bóthar R466 ó Bhéal Átha na Sluaighe go Gaillimh idir pointe atá 405 mhéadar siar óna acomhal leis an L7159 i bhFuarchoill go pointe atá 200 méadar soir ó Furey's Cross, L8101/L7107, ag Órán Beag.

**3) Imleabhar 3 CB Chonamara Leasuithe**

**AN CÚIGIÚ SCEIDEAL - breisiú**

Bóithre a bhfuil luasteorainn speisialta seasca ciliméadar san uair (**60km/u**) forordaithe ina leith. Gabhann réimír 60 le huimhreacha sa liosta rud a léiríonn luasteorainn 60 km/u.

**C/60/12. Na bóithre seo a leanas sa Teach Dóite: -**

(a) Bóthar na Gaillimhe - an Chlocháin, N59, idir pointe atá 145 mhéadar siar óna acomhal le Bóthar an Mháma, R336, agus pointe atá 260 méadar soir ón acomhal sin
(b) Bóthar Choisteallach - an Mháma, R336, idir pointe atá 187 méadar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar na Gaillimhe - an Chlocháin, N59, agus pointe atá 140 méadar ó dheas ón acomhal sin

**AN SÉÚ SCEIDEAL - leasú**

Bóithre a bhfuil luasteorainn speisialta seasca ciliméadar san uair (**60km/u**) forordaithe ina leith. Gabhann réimír 80 le huimhreacha sa liosta rud a léiríonn luasteorainn 80 km/u.

**C/80/3. Na bóithre seo a leanas sa Teach Dóite (N59): -**

(a) Bóthar na Gaillimhe - an Chlocháin, N59, idir pointe atá 260 mhéadar soir óna acomhal le Bóthar an Mháma, R336, agus pointe atá 920 méadar soir ón acomhal sin

---

**Arna dhéanamh agus arna ghlacadh faoi Ghnáthshéala CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE.**


**An 25ú lá seo de August 2022.**

Liadhan Geraghty


**I láthair nuair a greamaíodh Gnáthshéala Chomhairle Chontae na Gaillimhe de seo:**

Michael Maher

**An Comhairleoir Michael Maher**
**CATHAOIRLEACH CHONTAE NA GAILLIMHE**




| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| FODHLÍTHE CHONTAE NA GAILLIMHE UM THRÁCHT AR BHÓITHRE (LUASTEORAINNEACHA SPEISIALTA) Uimh. 1 - 2021 | | | | |
| © Suirbhéireacht Ordanáis Éireann. Gach ceart ar cosaint. Uimhir cheadúnais 2010/18CCMA/ Comhairle Chontae na Gaillimhe | TAGAIRT(Í) FODHLÍ: | CEANTAR BARDASACH: | SUÍOMH: | LÉARSCÁIL Uimh: |
| | Dréacht-Leasú 2021 ar Fhodhlí A/100/2 (a) | Baile Átha an Rí/Órán Mór | Timpeallán ar an Bóthar ó Fhuarchoill go dtí Órán Beag, R446 | A/O 17 |



**Eochair Eolais**

- Áiteanna ina bhfuil feidhm ag luasteorainn 60km/u
- Áiteanna ina bhfuil feidhm ag luasteorainn 80km/u

## FODHLÍTHE CHONTAE NA GAILLIMHE UM THRÁCHT AR BHÓITHRE (LUASTEORAINNEACHA SPEISIALTA) Uimh. 1 2021

An Rannóg Bóithre & Iompair,
Comhairle Chontae na Gaillimhe, Cnoc na Radharc,
Gaillimh

| TAGAIRT(Í) FODHLÍ: | CEANTAR BARDASACH: | SUÍOMH: | LÉARSCÁIL Uimh.: |
|---|---|---|---|
| Dréacht-Leasú 2021 ar Fhodhlíthe C/60/12 & C/80/3 (a) | Conamara | An Teach | C26 |